

**Cuir Gaeilge air seo:**

1. Bhí siad go léir ag obair go crua. Rinne na cailíní an obair go maith; rinne na buachaillí go holc í.
2. Shiúlamar go mall suas an cnoc.
3. Bhí sí ag siúl go mall síos an tsráid.
4. Bhí na buachaillí ag rith go mear ar fud na páirce. (ceacht 50)
5. Téigh amach, a Sheáin, agus fan amuigh.
6. Téigh isteach, a Mháire, agus fan istigh.
7. Chuaigh mé abhaile ar leathuair tar éis a sé.
8. D'fhan mé sa bhaile ar feadh na hoíche.
9. An bhfaca tú riamh í? Chonaic mé go minic í.
10. An dtagann sé anseo go minic? Tagann sé uaireanta.
11. Ar tháinig sé fós? Ní dóigh liom go dtiocfaidh sé ar chor ar bith. (ceacht 42)
12. Tá cúigear buachaill agus seisear cailín as láthair inniu.
13. Bhí na scoláirí (*or mic léinn*) go léir i láthair inné.
14. Ní fheicfidh mé go brách arís é.
15. Bíonn sé anseo go minic. Go deimhin, bíonn sé anseo i gcónaí.
16. Is breá an fear é. Is é, go deimhin.
17. Níl sé anseo faoi láthair, ach tiocfaidh sé ar ball.
18. An bhfeiceann tú carr an dochtúra sa tsráid?